



# An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

## Preasráiteas Press Statement

### Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) - Torthaí 2015\*

Méadú 6.2% tagtha ar ioncam in 2015

Táscairí bochtaineachta:

- ◆ Ráta riosca na bochtaineachta 16.9%
- ◆ Ráta díothachta forghníomhaí 25.5%
- ◆ Ráta bochtaineachta comhsheasmhaí 8.7%

D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh torthaí inniu ón Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) don bhliain 2015. Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar thorthaí 2015 mar aon le torthaí inchomparáide do bhlianta roimhe sin.

Tábla A Achoimre na bpríomhthorthaí

	2010	2011	2012	2013	2014	2015
<b>Ioncam</b>	€	€	€	€	€	€
<b>Ioncam ainmniúil - Ioncam indiúscartha coibhéiseach in aghaidh an duine aonair</b>						
Airmheán	18,591	18,148	18,276	18,262	18,864	20,000
Meán	22,138	21,440	21,578	21,995	22,396	23,301
Ioncam tairsí i mbaol bochtaineachta (60% den ioncam airmheáin)	11,155	10,889	10,966	10,957	11,318	12,000
<b>Ioncam iarbhír<sup>1</sup> - Ioncam indiúscartha coibhéiseach in aghaidh an duine aonair</b>						
Airmheán	19,273	18,555	18,276	18,078	18,623	19,772
Meán	22,950	21,920	21,578	21,773	22,109	23,035
Ioncam tairsí i mbaol bochtaineachta (60% den ioncam airmheáin)	11,564	11,133	10,966	10,846	11,173	11,863
<b>Rátaí bochtaineachta &amp; díothachta</b>	%	%	%	%	%	%
Ráta riosca na bochtaineachta	14.7	16.0	17.3	16.5	17.2	16.9
Ráta díothachta <sup>2</sup>	22.6	24.5	26.9	30.5	29.0	25.5
Ráta díothachta dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta	42.9	43.2	48.9	55.1	51.2	51.5
Ráta bochtaineachta comhsheasmhaí	6.3	6.9	8.5	9.1	8.8	8.7
<b>Táscairí comhionannais ioncain</b>						
Comhéifeacht Gini (%)	31.4	31.1	31.8	32.0	32.0	30.8
Cóimheas idir cúigilí ioncain	4.8	4.9	5.1	5.0	5.1	4.7

<sup>1</sup> Bonnbliaín díbhóilscithe: 2012

<sup>2</sup> Sciar den daonra a bhraith dhá chineál díothachta forghníomhaí nó níos mó

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
T12 X00E  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 4984000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
T12 X00E  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)  
0870 876 0256 (RA/TÉ)  
+353 21 453 5000

+353 21 453 5555

eolas@cso.ie  
www.cso.ie/en/baile/

Dúirt an Staitisteoir Hilda McCarthy, agus í ag caint faoin tuarascáil: “Tá an tsuirbhéireacht teaghlaigh SILC mar fhoinsé oifigiúil sonraí ar ioncam teaghlaigh agus aonair. Lena chois sin, is as SILC a sholáthraítear roinnt de phríomhtháscairí náisiúnta na bochtaineachta, ráta riosca na bochtaineachta, an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí agus rátaí díothachta forghníomhaí ina measc.

Léiríonn na príomhthorthaí do 2015 gurbh ionann an ioncam ainmniúil indiúscartha coibhéiseach bliantúil agus €19,772 - méadú 6.2% ar fhigiúr na bliana 2014. Ó thaobh comhionannas ioncaim de, bhí dáileadh ioncaim níos cothroime ann in 2015 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Tugtar léargas chomh maith le torthaí an tsuirbhé maidir le bochtaineacht in Éirinn. Bhí ráta riosca na bochtaineachta, sin é sciar na ndaoine a raibh ioncam faoi bhun 60% den ioncam airmheán náisiúnta, de 16.9% ann in 2015, figiúr mórán mar an gcéanna leis an ráta in 2014 (17.2%).

Ina theannta sin, bhí ‘ráta bochtaineachta comhsheasmhaí’, lena chumhdaítear daoine atá i mbaol bochtaineachta agus a bhraitheann díothacht forghníomhach araon, de 8.7% ann in 2015, an-ghar don fhigiúr de 8.8% a bhí ann in 2014,” a dúirt sí.

“Ar deireadh, tháinig laghdú ar an gcéatadán daoine a meastar atá ag braith ‘díothacht forghníomhach’, a shainítear mar staid eacnamaíoch i nach bhfuil sé d’acmhainn ag duine nó teaghlach dhá nó a thuilleadh cineál riachtanas saoil a cheannach, m.sh. gan teas a chur ar siúl le linn na bliana nó gan a bheith in ann nithe a cheannach ar nós dhá péire bróga láidre nó seaicéad te uiscédhíonach i rith na bliana nó béile le feoil, sicín nó éisc gach dara lá. Sciar 25.5% den daonra a bhraith díothacht forghníomhach in 2015, laghdaithe ó 29.0% sa bhliain roimhe.”

### **Nóta d’eagarthóirí**

Tuarascáil - Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2015 [i mBéarla amháin]

<http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/silc/surveyonincomeandlivingconditions2015/>

### **\*Sonraí athbhreithnithe**

\*Tá torthaí athbhreithnithe SILC curtha i dtoll a chéile i gcomhair na mblianta tagartha 2012-2014. Is féidir teacht ar shonraí breise faoi seo i mír 5.6.2 den Tuarascáil Chaighdeánach ar Mhodhanna agus Cháilíocht (Standard Report on Methods and Quality) um eagrán 2015 den tSuirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC). Féach <http://www.cso.ie/en/silc/methodology/>

I gcomhair tuilleadh eolais:

Hilda McCarthy, Aonad um Shuirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála – 021 453 5084  
[hilda.mccarthy@cso.ie](mailto:hilda.mccarthy@cso.ie)

Patrick Foley, Aonad um Shuirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála – 021 453 5012  
[patrick.foley@cso.ie](mailto:patrick.foley@cso.ie)

An Phríomh-Oifig Staidrimh,  
Bóthar na Sceiche Airde,  
Corcaigh  
T12 X00E

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*1 Feabhra 2017*

**– CRÍOCH –**